Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

FIOS FOGHLAMA
EANÁIR 2026

Fáilte romhaibh chuig eagrán Eanáir d'Fhios Foghlama ón nGaelAonad, agus Athbhliain faoi mhaise daoibh go léir.

Agus téarma nua faoi lán seoil agus bliain nua foghlama os ár gcomhair, is deis iontach é chun fuinneamh úr a thabhairt dár gcleachtas agus leanúint leis an obair luachmhar atá á dhéanamh cheana féin.

Tá réimse leathan ábhar praiticiúil san eagrán seo le húsáid go díreach sa rang, le tacú libh in bhur n-iarrachtaí Gaeilge a fhorbairt agus le foghlaim ardchaighdeáin a chur chun cinn.

Tá súil againn go mbeidh sé ina spreagadh duit agus go gcuideoidh sé leat tosú ar an téarma seo le muinín agus le fuinneamh nua.

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

AG SAIBHRIÚ NA GAEILGE
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Oide

Ag Saibhriú na Gaeilge
in Ardranganna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Tacóidh an EFG seo (lá iomlán aghaidh ar aghaidh) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

*Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
*Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga, a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
*Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama sa tSonraíocht Teanga, agus ar an gcaoi chun iad a ailiniú le hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim
*Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint.

Dáta	Ionad
29 Eanáir 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Mhaigh Eo
6 Feabhra 2026	Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
6 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí
9 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Chill Dara
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach, BÁC
11 Feabhra 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh
6 Márta 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais na Gaillimhe
13 Márta 2026	Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí

Clárúigh anseo

Tugtar cuireadh do bheirt mhúinteoirí ó gach bunscoil lán-Ghaeilge freastal ar an EFG seo. Cuirfear clúdach ionadaíochta ar fáil, más gá.

oide.ie
@OidePrimGaeilge
@oidegaelaonad

Tacóidh an tEispéireas Foghlama Gairmiúla seo (**lá iomlán aghaidh ar aghaidh**) le ceannairí agus le muinteoirí i mbunscoileanna lán-Ghaeilge, cruinneas agus saibhreas teanga a ndaltaí a fhorbairt trí:

- Straitéisí praiticiúla a aithint agus a chur i bhfeidhm
- Dheiseanna nádúrtha úsáide teanga a spreagadh agus a chothú le fócas ar Ghaeilge an tsóisialaithe
- Iniúchadh a dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí agus ar na torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Mhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas reatha agus ar dheiseanna le haghaidh feabhsúcháin a aithint

Tá cead ag ceannaire scoile amháin agus múinteoir amháin eile ó gach scoil freastal ar an seimineár seo. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Óige clúdach ionadaíochta ar fáil más gá.

Is féidir clárú ag an nasc seo-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

BEATHA TEANGA

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

I mír na míosa seo ó Beatha Teanga, faoin gcaibidil **Seirbhísí Seachtracha sa Scoil** cuirtear béim ar an tábhacht atá le leas a bhaint as an gceangal idir an bhunscoil agus na seirbhísí atá ar fáil sa phobal lasmuigh de gheataí na scoile. I dtrí fhíseán ghearra spreagúla atá ar fáil ar shuíomh beathateanga.ie, tugann Laoise Ní Dhúda, Oifigeach Pleanála Teanga Ghaeilge Iorrais i dtuaisceart Mhaigh Eo léiriú ar an gcomhoibriú idir an eagraíocht pleanála teanga áitiúil agus na bunscoileanna áitiúla chun imeachtaí spraíúla trí Ghaeilge a eagrú idir dhaltaí scoileanna an cheantair.

Beatha Teanga

Oide

EARCAÍOCHT

Tá Oide ag earcú faoi láthair chun roinnt poist lánaimseartha ar iasacht do mhúinteoirí a líonadh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa scoilbhliain 2026/2027.
Lorgaítear iarratais ó cheannairí scoile agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile cláraithe. Féadfar painéil a bhunú do na poist seo.
Is é **26 Eanáir 2026** ag 2 i.n. an spriocdháta d'iarratais.

Folúntais:

- GaelAonad - Ceannaire Sinsearach (Bunscoil)Oide
- GaelAonad - Ceannaire Sinsearach (Iar- bhunscoil)
- GaelAonad - Ceannaire na Foghlama Gairmiúla (Bunscoil)
- GaelAonad - Ceannaire na Foghlama Gairmiúla (Iar- bhunscoil)

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://oide.ie/ga/earcaiocht/

Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

Tá tacaíochtaí ar fáil ó Oide chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí chun feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge, chomh maith le heispéiris foghlama níos tarraingtí agus níos luachmhaire a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga. Tá físeán, le cur síos ar roinnt de na tacaíochtaí sin, ar fáil trí chliceáil anseo.



GAELAONAD AR INSTAGRAM

Dea-nuacht!

Tá cuntas Instagram ag an nGaelAonad.
Bígí dár leanúint ag @OideGaelAonad nó tá teacht isteach agat ón gcód mearfhreagartha.

OIDEGAELAONAD

CLUB CLEITE NA MÚINTEOIRÍ

Beidh Fighting Words agus Oide Creativity ag cur trí sheisiún scríbhneoireachta ar fáil do mhúinteoirí. ✍️
Féadfaidh múinteoirí bunscoile nó meánscoile a bheith páirteach sna seisiúin seo a bheidh ar siúl ar líne ar na dátaí seo a leanas:
5 Feabhra, 4 Márta, 16 Aibreán ó 7pm - 8.30pm
Is deis a bheidh ann do mhúinteoirí:
👉Tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach
👉Cleachtas cruthaitheach sa seomra ranga a phléigh le múinteoirí eile
👉Foghlaim ó na haoi-scríbhneoirí Anna Heussaf agus Alex Hijmans

🔗Gach eolas le fáil ar https://www.fightingwords.ie/news/club-cleite-na-muinteoiri-bigi-linn

TIONSCADAL FCÁT 2025/26

Cuirimid fáilte ó chroí roimh na scoileanna uile atá páirteach i dTionscadal Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge 2026. Táimid an-bhuíoch díbh as an tiomantas agus an dúthracht atá á léiriú agaibh i leith chur chun cinn na Gaeilge i do scoileanna féin. Tá sé mar sprioc againn tacú libh ar an turas seo trí acmhainní, oiliúint agus treoir a chur ar fáil chun an t-eispéireas foghlama a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir. Le chéile, beimid ag forbairt dea-chleachtais, ag comhoibriú mar phobal foghlama, agus ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil atá díríthe ar thorthaí dearfacha do gach páiste.

Guímid gach rath oraibh agus táimid ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar libh le linn na bliana seo romhainn.

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://oide.ie/irish-medium/baile/fcat/fcat-bunscoil/

PODCHRAOLADH NA MÍOSA

E9: An Ghaeilge agus Prionsabail na Foghlama, An Teagaisc agus an Measúnaithe

Ar an gclár seo, pléann Dr. Claire Dunne (Léachtóir) agus Clódagh Ní Mhaolchiaráin (Príomhoide) Prionsabail an Teagaisc, na Foghlama agus na Measúnachta mar a ndéantar cur síos orthu i gCreatchuraclam na Bunscoile. Pléann siad an chuma atá ar na prionsabail sin i dtéarmaí praiticiúla i múineadh na Gaeilge

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

Éist leis anseo:
https://open.spotify.com/episode/2HGYPQXI53bR4ZcwMnor6l?si=xYEZ51w9RaKTPIuqODopZg

SEANFHOCAL NA MÍOSA

Dá fhada an lá,
tagann an tráthnóna!

SAMHLACHA NA MÍOSA

Chomh fuar le hoighear
Chomh fliuch le hiasc
Chomh taisfhuar le taobh na huaighe
Chomh tapaí le splanc tintrí
Sioc chomh sleamhain le gloine
Chomh geal le sneachta
Chomh liath leis an gceo
Chomh soiléir le grian an mheánlae

LEABHAR NA MÍOSA

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | An Tairseach



Nuair a bhí Tom Crean cúig bliana déag d'aois d'imigh sé ó bhaile agus chuaigh sé isteach sa Chabhlach Ríoga. Tar éis tamaill bhí sé san Antartach. Fear láidir ba ea Tom Crean. Shábháil sé a chomrádaithe. Tháinig sé slán ón oighear, ón sneachta, ón bhfuacht agus tá a scéal beagnach dochreidte. Sa leabhar seo beidh na daoine óga faoi dhraíocht ag an gcrógacht agus an neart a thaispeáin Tom Crean.

Dhear **COGG** na hacmhainní atá bunaithe ar an leabhar seo

Tuilleadh eolais le fáil ag: https://tairseachcogg.ie/Home/ResourceDetails?_HYtIf125x=hOL1rH9Uxh4ou4N3lPt4A1vupeJczgO4APCgYA9lX3HVVb91eiNznansojzdha7B&XdfuUilwqFJdhFHgfJg_JhhghayWeRp=lwqFJdh#

ACMHAINNÍ NA MÍOSA

Lá Fhéile Bríde

Tá réimse acmhainní faoi Lá Fhéile Bríde ar fáil ar shuíomh Ghaelbhratach

Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:
https://gaelbhratach.ie/acmhainni/

DÁN NA MÍOSA

Foighne
Le Gabriel Rosenstock

"Foighne!" arsa an cruidín, lá
"Tiocfaidh gach rud in am tráth!"
Is fíor duit, a chruidín
i do shuí ar an gcraobh
Tá foighne an-tábhachtach -
ní thuigim canathaobh!
"Foighne!" arsa an cruidín, lá
"Tá foighne an-tábhachtach - tá tá TÁ!"

Tuilleadh dánta ar fáil anseo:
https://www.leighleat.com/d%C3%A1nta/1

ACMHAINN NA MÍOSA

An Foclóir Nua Gaeilge

Tá an chéad fhoclóir aonteangach Gaeilge beo ar líne! Tá eolas gramadaí, comhaid fuaime agus comhaid úsáide a bhaineann le focail Ghaeilge ar fáil ann chomh maith.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo:
https://www.focloir.ie/ga/dictionary/nid/m%C3%BAinteoir

Foras na Gaeilge

CLUICHE NA MÍOSA

Cód na Gaeilge Banda 4

Tá cluichí do Bhanda 4(a), 4(b) agus 4 (c) ar fáil anois ar shuíomh CCEA. Bain triail astu le do rang!



Tuilleadh eolais ar fáil anseo:
https://ccea.org.uk/learning-resources/clar-luathleitheoireachta-cleite/cluichi-bhanda-4

IMEACHTAÍ NA MÍOSA

Bleaist Eolaíochta 2026

Tá COGG agus An Foras Pátrúnachta, i gcomhpháirt leis an RDS, ag eagrú 'Lá Mór na nGaelscoileanna / Scoileanna Gaeltachta' mar chuid den Bhleaist Eolaíochta, ar an 5ú Márta 2026 san RDS.

Tuilleadh eolais ar fáil anseo:
https://cogg.ie/bleaist-eolaiochta-2026/

Tá sraith **Pleananna Ceachta** forbartha ag ESB Science Blast ar féidir a úsaid mar theimpléad agus treoir duit, chun imscrúduithe eolaíochta a bhainistiú sa seomra ranga. Tá roinnt bileoga oibre agus cur i láthair ar fáil chun tacú leis na gceachtanna sin.

Tuilleadh acmhainní ar fáil anseo:
https://www.esbscienceblast.com/resources/

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oideas - Anraith Glasraí Geimhridh

Comhábhair:

- 1 spúnóg mhór ola olóige
- 1 oinniún, mionghearrtha
- 2 chairéid mhóra, gearrtha i mbioráin
- 2 stalc soilire, gearrtha
- 2 phráta, gearrtha i gciúbanna
- 1 meall cabáiste beag mionghearrtha
- 1 stán trátaí gearrtha
- 1.2 L stoc glasraí nó stoc sicín
- Salann agus piobar
- Luibheanna triomaithe

Treoracha:

1. Téigh an ola i bpota mór agus frioch an t-oinniún, na cairéid agus an soilire ar feadh cúpla nóiméad.
2. Cuir na prátaí, an cabáiste agus na trátaí leis agus measc go maith iad.
3. Doirt an stoc isteach agus lig don anraith suanbhruith ar theas íseal ar feadh 25–30 nóiméad go dtí go mbeidh na glasraí bog.
4. Cuir salann, piobar agus luibheanna leis chun blas deas a chur air.

Chomh maith leis an gcócaireacht a bheith taitneamhach, cuidíonn oidis le foghlaim traschuraclaim freisin — matamaitic chun na comhábhair a thomhas, litearthacht nuair a leanaimid treoracha, agus tugann siad deis stair a fhiosrú nuair a fhéachaimid ar bhunús an bhia.

EALAÍN NA MÍOSA

Foghlaim TG4

San fhísean seo ó **TG4 Foghlaim,** beidh Órla ag taispeáint daoibh conas **bata báistí** a dhéanamh do rang ceoil.

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://youtu.be/e6k1tNecSs8

the WEATHERBIES™

Beidh spraoi ag na páistí ag damhsa agus ag ceol le hamhráin de chuid na Weatherbies! Tá amhráin nua ar fáil - Is Maith Athchúrsáil a Dhéanamh, Lorg Carbóin, Cuir sa Bruscair É agus Tá Athrú Aeráide ag Tarlú.

Bain sult as na topaicí, Bruscar, Fuinneamh In-athnuaite, Timthriall an Uisce, Athchúrsáil, agus Ag Plandáil agus ag Fás. Is pobal cairde iad na Weatherbies a bhfuil dúil acu i gcúrsaí comhshaoil.

Tuilleadh eolais le fáil ag: Na Weatherbies - YouTube

ACMHAINN NA MÍOSA -ACMHAINNÍ FOLLÁINE

Is é atá san fholláine ná sláinte choirp, intinne, mothúchán agus shóisialta fite fuaite ina chéile.
Tá réimse acmhainní folláine ar fáil ar shuíomh COGG. Tá cur i láthair ann bunaithe ar an tsraith leabhar Fí na Folláine ó Outside the Box. Chomh maith le sin, tá acmhainní folláine cruthaithe ag Comhairle na Gaelscolaíochta- Fios Folláine agus Aire Duit!

Tuilleadh eolais le fáil ag:
https://www.tairseachcogg.ie/Home/Search

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Tairseach
OUTSIDE the BOX LEARNING RESOURCES
Comhairle na Gaelscolaíochta

Séanadh: 'Is acmhainn iad na cora poist seo agus tá an t-eolas atá iontu ábhartha agus suas chun dáta ag dáta a bhfoilsithe amháin. Is gá don úsáideoir a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí faighte acu ó shuíomhanna áirithe eile amhail CNCM, ROÓ.